



An Rialálaí Agraibhia  
Agri-Food Regulator



An Rialálaí Agraibhia  
Agri-Food Regulator

Campas Bhacastúin, Cill Droichid, Cill Dara, W23 X3PH

Suíomh: [www.agrifoodregulator.ie](http://www.agrifoodregulator.ie)

Ríomhphost: [info@agrifoodregulator.ie](mailto:info@agrifoodregulator.ie)

Guthán: (01) 505 8607

## Ráiteas Straitéise 2024 - 2026

Cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia





# Clár Ábhar

|                                                                                                                                                                                          |           |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>Réamhrá ón gCathaoirleach.....</b>                                                                                                                                                    | <b>2</b>  |
| <b>Réamhrá .....</b>                                                                                                                                                                     | <b>3</b>  |
| <b>Maidir leis an Rialálaí Agraibhia .....</b>                                                                                                                                           | <b>4</b>  |
| <b>An Straitéis a Fhorbairt .....</b>                                                                                                                                                    | <b>8</b>  |
| <b>Ár bhFís, Misean agus Luachanna.....</b>                                                                                                                                              | <b>9</b>  |
| <b>Príomhchuspóirí Ardleibhéil.....</b>                                                                                                                                                  | <b>11</b> |
| <i>Príomhchuspóir 1: Cur chun feidhme an dlí<br/>trádála éagóraí maidir le hagraibhia.....</i>                                                                                           | <i>12</i> |
| <i>Príomhchuspóir 2: Trédhearcacht fheabhsaithe<br/>maidir le feidhmiú an tslabhra soláthair agraibhia.....</i>                                                                          | <i>13</i> |
| <i>Príomhchuspóir 3: Cumarsáid agus<br/>rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe<br/>leasmhara i gcur chun cinn na cothroime agus<br/>na trédhearcachta.....</i>                        | <i>14</i> |
| <i>Príomhchuspóir 4: Acmhainn eagraíochtúil<br/>a thógáil leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint<br/>as acmhainní chun seirbhís éifeachtúil agus<br/>éifeachtach a sholáthar.....</i> | <i>15</i> |
| <b>Aguisín .....</b>                                                                                                                                                                     | <b>16</b> |
| <i>Comhaltaí Boird.....</i>                                                                                                                                                              | <i>16</i> |



# Réamhrá ón gCathaoirleach

Tá áthas orm an chéad ráiteas straitéise seo de chuid An Rialálaí Agraibhia (Agraibhia Regulator), an comhlacht stáit neamhspleách nua a bhfuil sé de chúram air cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia, a chur i láthair.

Ba é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue TD, a bhunaigh an Rialálaí Agraibhia ar an 13<sup>th</sup> Nollaig 2023 faoin Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023. An lá céanna sin, ceapadh comhaltaí Boird den Rialálaí Agraibhia agus bhí a gcéad chruinniú acu.



Ar ceann de na tosaíochtaí práinneacha a bhí ag an mBord bhí ráiteas straitéise a fhorbairt don chéad tréimhse trí bliana, a bheidh mar bhonn eolais ag cláir oibre bhliantúla. I gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, Niamh Lenehan agus a foireann, thug an Bord faoi shainchúram reachtach na heagraíochta a aistriú isteach sa doiciméad seo, ár gcéad ráiteas straitéise. Tugann an ráiteas seo breac-chuntas ar phríomhthosaíochtaí an Rialálaí Agraibhia agus leagann sé amach creat dá chuid oibre de réir mar a fhorbraíonn agus a fheabhsaíonn an eagraíocht a acmhainn agus a struchtúir le himeacht ama chun na feidhmeanna a shanntar di faoi Acht 2023 a fhorghníomhú go héifeachtach.

Tuigeann Bord agus foireann an Rialálaí Agraibhia go bhfuil impleachtaí suntasacha ag sainordú na hoifige nua seo do ghníomhaithe sa slabhra soláthair agraibhia. Dá bhrí sin, tá sé tiomanta, ach go háirithe, ról agus feidhmeanna an Rialálaí Agraibhia a chur in iúl ar bhealach soiléir agus inrochtana agus é i mbun a chuid oibre. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach caidrimh agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a thógáil le páirtithe leasmhara chun deiseanna a thapú agus aon chonstaicí a shárú maidir leis an bhfís a bhaineann le slabhra soláthair agraibhia atá cothrom agus trédhearcach a bhaint amach.

Creidim go leagtar amach sa ráiteas straitéise seo treochlár úsáideach don Rialálaí Agraibhia agus do pháirtithe leasmhara araon do na trí bliana amach romhainn. Mar aon leis an mBord, le Niamh agus an foireann ar fad, táim ag tnúth leis an aistear atá romhainn.

**Joe Healy**  
Cathaoirleach

# Réamhrá

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue (Aire) an Rialálaí Agraibhia (dá ngairtear an Rialálaí anseo feasta) ar an 13 Nollaig 2023 faoin Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023<sup>1</sup> (Acht 2023).

Ceanglaítear ar an Rialálaí faoi alt 39 d'Acht 2023 ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire maidir leis an gcéad tréimhse trí bliana a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe.

Tugann an ráiteas straitéise seo breac-chuntas ar threo straitéiseach an Rialálaithe don tréimhse trí bliana 2024 – 2026. Aithníonn sé a fhís agus a mhisean agus leagann sé amach na príomhchuspóirí, chomh maith le haschuir agus táscairí feidhmíochta ar a ndéanfar dul chun cinn maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach a mheasúnú ina leith.

Agus an ráiteas seo á ullmhú aige, tuigeann an Rialálaí an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní atá ar fáil. Leagtar béim sa ráiteas freisin ar na príomhluachanna a chuirfidh bonn eolais faoi chultúr an Rialálaithe agus é ag fás mar eagraíocht agus a fhorbraíonn agus a fheabhsaíonn a acmhainn chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

<sup>1</sup> An tAcht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023



# Maidir leis an Rialálaí Agraibhia

Comhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus séala is ea an Rialálaí. De réir alt 21 d’Acht 2023, cheap an tAire ochtar comhalta ar Bhord an rialálaithe, cathaoirleach san áireamh - taispeántar iad seo san Aguisín. Is í an fhoireann a bhfuil Niamh Lenehan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, i gceannas uirthi, a chuireann an fheidhm feidhmiúcháin ar fáil.

## Feidhmeanna

Tugann Acht 2023 breac-chuntas ar na feidhmeanna a shanntar don Rialálaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- **Cothroime agus trédhearcacht sa slabhra soláthair agraibhia** - agus an fheidhm sin á cur i bhfeidhm aige, tabharfaidh an Rialálaí aird ar chúinsí agus ar riachtanais na hearnála talmhaíochta agus bia, go háirithe gnólachtaí beaga feirmeoireachta, iascaireachta agus bia;
- **Faisnéis agus rannpháirteachas** - foilseoidh an Rialálaí anailís ar fhaisnéis faoi shonraí praghais agus margaidh a bhaineann leis an slabhra soláthair agraibhia agus faoi shaincheistean teagmhais;
- **Comhlíonadh an dlí maidir le trádáil éagórach** - tá an Rialálaí freagrach as tuiscint ina leith agus ar chomhlíonadh an dlí maidir le trádáil éagórach agraibhia a fheabhsú;
- **An Dlí maidir le trádáil éagórach a fhorfheidhmiú** - tá an Rialálaí freagrach as an dlí maidir le trádáil éagórach agraibhia a fhorfheidhmiú agus is é an tÚdarás Forfheidhmithe<sup>2</sup> ainmnithe é mar a cheanglaítear faoi Threoir AE 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála i gcaidrimh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia<sup>3</sup>;
- **Treoirlínte** - féadfaidh an Rialálaí, chun leasanna soláthróirí a chosaint, treoirlínte a fhoilsiú do cheannaitheoirí maidir le cosaint soláthraithe agus cleachtais trádála, cibé acu go ginearálta nó in earnáil trádála, ghnó nó ghairmiúil ar leith;
- **Athbhreithniú ar chóid** - féadfaidh an Rialálaí athbhreithniú a dhéanamh ar chóid chleachtais curtha isteach ag duine a dhéanann ionadaíocht ar cheannaitheoir amháin nó níos mó;
- **Faisnéis agus comhairle** - tá an Rialálaí freagrach as comhairle a chur ar fáil don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi (a) earnáil na talmhaíochta agus an bhia, agus (b) an dlí maidir le trádáil éagórach agraibhia;
- **Reachtaíocht a bhreithniú** - féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an Rialálaí maidir le tograí le haghaidh reachtaíochta a bhaineann le haon ghné de chothroime agus trédhearcacht sa slabhra soláthair agraibhia.

<sup>2</sup> Bunaíodh an tÚdarás Forfheidhmithe um Chleachtais Éagóracha Trádála ar bhonn eatramhach in 2021 ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go dtí go mbunófar An Rialálaí Agraibhia. Aistríodh na feidhmeanna atá dílsithe don Aire le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cleachtais Éagóracha Trádála i Slabhra an tsoláthair Talmhaíochta agus Bia) 2021 (I.R. Uimh. 198 de 2021) chuig an Rialálaí ar an lá bunaithe.

<sup>3</sup> Treoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.

## Foinsí

De réir Alt 45 d’Acht 2023, maoiníonn an tAire an Rialálaí as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas. Tá airleacain den chineál sin le húsáid ag an Rialálaí chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá líon foirne iomlán comhaontaithe de 17 nduine ag an Rialálaí. Tá trí phríomh-aonad riaracháin aige:

- (i) Cleachtais Éagóracha Trádála,
- (ii) Anailís ar Phraghsanna agus ar Shonraí an Mhargaidh; agus
- (iii) Seirbhísí Corparáideacha.

## Comhthéacs

Comhlíonann bunú an Rialálaithe an gealltanas seo a leanas i “gClár an Rialtais:

Ár dTodhchaí le Chéile”<sup>4</sup>:

*“Cothroime, cóir agus trédhearcacht a chinntiú sa slabhra bia trí údarás nua a bhunú dar teideal an tOmbudsman Náisiúnta Bia (NFO) chun an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála a fhorfheidhmiú. Déanfaidh an t-údarás seo rialacha a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le cleachtais trádála éagóracha atá toirmiscthe sa slabhra soláthair bia agus beidh cumhachtaí aige an Treoir seo a chur i bhfeidhm agus pionós a ghearradh orthu sin a sháraíonn na rialacháin. Beidh ról ar leith ag an NFO maidir le hanailís a dhéanamh ar shonraí i dtaobh praghsanna agus i dtaobh an mhargaidh in Éirinn agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí sin.”*

Ba ghealltanas é bunú an Rialtóra freisin faoi “Fís don Bhia 2030 - Ceannaire Domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe”, an straitéis 10 mbliana don earnáil agraibhia<sup>5</sup>.

Foráiltear le hAcht 2023 gurb é ról an Rialálaithe cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia agus, agus é sin á dhéanamh aige, aird a thabhairt ar chúinsí agus ar riachtanais na hearnála agraibhia, lena n-áirítear, go háirithe, feirmeoireacht, iascaireacht agus gnólachtaí beaga.

Tá an fheidhm seo ag teacht go dlúth le Misean 2 d’Fhís don Bhia 2030 a bhaineann le “táirgeoirí príomhúla inmharthana agus athléimneacha le folláine fheabhsaithe” trína ngníomhaíochtaí agus a dtionscnaimh féin laistigh den earnáil agraibhia ina hiomláine, agus is é Cuspóir 2 den mhisean seo “cruthú agus dáileadh cothrom luach a fheabhsú”.

<sup>4</sup> Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile

<sup>5</sup> Fís don Bhia 2030 - Ceannaire Domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe



## Gníomhartha ar Tugadh Fúthu go Dtí Seo

Rinne an tÚdarás Forfheidhmithe um Chleachtais Éagóracha Trádála obair ullmhúcháin tosaigh d'fhonn bunchlocha a leagan síos don Rialálaí chun tús a chur lena chuid oibre, lena n-áirítear:

- cóiríocht chuí a shainnithint agus an oifig a chur ar bun don Rialálaí;
- lógó agus treoirlínte branda gaolmhara a fhorbairt;
- roinnt ball foirne a earcú;
- struchtúir rialachais chorparáidigh iomchuí a shocrú;
- rannpháirteachas leanúnach le páirtithe leasmhara agus tógáil caidrimh ghairmiúla;
- suíomh gréasáin ([www.agrifoodregulator.ie](http://www.agrifoodregulator.ie)) agus cainéil chuí mheán sóisialta a fhorbairt;
- soláthar seirbhísí seachtracha don Rialálaí de réir mar is cuí; agus
- acmhainní faisnéise a fhorbairt do pháirtithe leasmhara chun ról agus sainchúram an Rialálaithe a leagan amach.





# An Straitéis a Fhorbairt

Cuirtear Ráiteas Straitéise 2023-2026 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara san áireamh sa chéad ráiteas straitéise<sup>6</sup> agus, go háirithe, sprioc straitéiseach a trí chun “an creat beartais is fearr a chur ar fáil d’fhorbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia” agus cuspóirí straitéiseacha gaolmhara.

Tá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara go dtí seo mar bhonn eolais leis an ráiteas straitéise, i rith an phróisis reachtaigh as ar ritheadh Acht 2023 agus idirghníomhaíochtaí ó bunaíodh an Rialálaí. Bhí taithí phraiticiúil an Údarais Forfheidhmithe um Chleachtais Éagóracha Trádála eatramhaigh maidir leis na Rialacháin um Chleachtais Éagóracha Trádála 2021<sup>7</sup> luachmhar freisin.

Tá an ráiteas straitéise mar bhonn agus mar thaca ag prionsabail ábhartha an Phlean Forbartha Náisiúnta 2021 -2030<sup>8</sup> agus an Chreata Náisiúnta Pleanála<sup>9</sup> a thagann le chéile chun Tionscadal Éireann 2040 a chruthú chomh maith le Fís don Bhia 2030.



<sup>6</sup> Ráiteas Straitéise 2023 - 2026 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

<sup>7</sup> Na Rialacháin um Chleachtais Éagóracha Trádála

<sup>8</sup> An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030

<sup>9</sup> An Creat Náisiúnta Pleanála

# Ár bhFís, Misean agus Luachanna

## Fís

Slabhra soláthair agraibhia a oibríonn ar bhealach cóir trédhearcach agus aird ar leith á tabhairt ar inmharthanacht na ngnólachtaí beaga feirmeoireachta, na hiascaireachta agus bia.

## Misean

Feidhmiú mar ghuth neamhspleách i gcur chun cinn na cothroime agus na trédhearcachta i gcaidrimh gnólacht le gnólacht feadh an tslabhra soláthair agraibhia trí mhaoirseacht a dhéanamh, go háirithe, ar chomhlíonadh an dlí maidir le trádáil éagórach agus ar rannpháirteachas réamhghníomhach le páirtithe leasmhara maidir le gníomhaíochtaí chun trédhearcacht a fheabhsú.

## Luachanna

- **Neamhspleáchas** – táimid neamhspleách le tiomantas do chinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus do sholáthar faisnéise
- **Comhoibríocht** – oibrímid i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar bhealach a chothaíonn agus a choinníonn muinín agus a chuireann nuálaíocht chun cinn.
- **Cothroime** – bímid gairmiúil inár n-iompar i gcónaí agus oibrímid go gníomhach chun cultúr ionracais agus measa a chothú i ngach a ndéanaimid.
- **Cuntasach** – táimid cuntasach as ár ngníomhartha agus táimid trédhearcach maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid na hacmhainní atá ar fáil againn.







# Príomhchuspóirí Ardleibhéil

Tá ceithre phríomhchuspóir ann do na trí bliana amach romhainn a chinnteoidh go ndíreimid ar sheachadadh ar mhaithe le leas an phobail do pháirtithe leasmhara:

1. An dlí maidir le trádáil éagórach agraibhia a fhorfheidhmiú.
2. Trédhearcacht fheabhsaithe maidir le feidhmiú an tslabhra soláthair agraibhia.
3. Cumarsáid agus rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn.
4. Acmhainn eagraíochtúil a thógáil leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar.

Déanfar monatóireacht ar aschuir agus ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) ar bhonn leanúnach agus úsáidfídh an Rialálaí na PTFanna mar mhéadracht chun dul chun cinn a thomhas maidir lena phríomhchuspóirí a bhaint amach. Déanfaidh an Bord measúnú rialta ar dhul chun cinn maidir leis na PTFanna a bhaint amach do gach cuspóir agus molfaidh sé aon ghníomhartha cuí is gá chun a chinntiú go mbainfear na cuspóirí sin amach.



Príomhchuspóir 1

An Dlí maidir trádáil éagórach agraibhia a fhorfheidhmiú

Ainmnítear an Rialálaí mar an t-údarás forfheidhmiúcháin faoi Threoir AE maidir le cleachtais éagóracha trádála. Soláthraíonn Acht 2023 cumhachtaí láidre imscrúdaithe agus forfheidhmithe don Rialálaí chun dlí trádála agraibhia a fhorfheidhmiú maidir le forálacha na Rialachán um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia (Trádáil Éagórach) 2023 (I.R. Uimh. 625 de 2023)<sup>10</sup>. Oibreoidh an Rialálaí lena chinntiú go bhfuil an creat chun a fheidhm fhorfheidhmithe reachtaigh a chur i bhfeidhm trédhearcach agus go gceadaíonn sé do sholáthróirí agus do cheannaitheoirí a gcearta agus a n-oibleagáidí a thuiscint go hiomlán.

| Gníomhartha                                                                                                              | Aschuir agus Príomhtháscairí Feidhmíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Creat rialála uileghabhálach a fhorbairt (tacaíocht, faireachán agus forfheidhmiú)                                       | <div><div></div>An creat rialála chun feidhm reachtach a chur i bhfeidhm a bheith forbartha</div> <div><div></div>Bearta agus rialuithe rialála iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm</div>                                                                                                                                                                                                                                        |
| Cigireachtaí comhlíontachta a dhéanamh                                                                                   | <div><div></div>Nósanna imeachta forbartha</div> <div><div></div>Cigireachtaí a rinneadh go héifeachtach agus go héifeachtúil</div>                                                                                                                                                                                                                                                                                               |
| Tuarascálacha bliantúla ar chomhlíonadh ó cheannaitheoirí, a chuirtear isteach de réir oibleagáidí reachtúla, a chinntiú | <div><div></div>Athbhreithniú déanta ar thuarascálacha bliantúla ar chomhlíontacht</div> <div><div></div>Tuarascáil ilchodach curtha le chéile agus dea-chleachtas / laigí aitheanta</div> <div><div></div>Úsáid bainte as tuarascálacha chun bonn eolais a chur faoi riosca agus faoin gceanglas maidir le cigireachtaí dírithe / earnála</div>                                                                                  |
| Rannpháirteachas gníomhach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta                                                           | <div><div></div>Comhoibriú le comhlachtaí rialála náisiúnta eile de réir mar is cuí</div> <div><div></div>Rannpháirtíocht ag cruinnithe iomchuí de chuid Choimisiún an AE</div> <div><div></div>Rannpháirtíocht maidir le dea-chleachtas a thuiscint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</div> <div><div></div>Comhoibriú a dhéanamh ar fud dlínsí maidir le cúrsaí comhlíontachta agus aon imscrúduithe de réir mar is cuí</div> |
| Nós imeachta gearán a oibriú de réir forálacha reachtúla                                                                 | <div><div></div>Déileáiltear le gearáin go héifeachtach</div>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |

<sup>10</sup>I.R. Uimh. 625/2023 - Na Rialacháin um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia (Trádáil Éagórach) 2023

Príomhchuspóir 2

Trédhearcacht fheabhsaithe maidir le feidhmiú an tslabhra soláthair agraibhia

Tá an Rialálaí freagrach as cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia. Go háirithe, agus é mar aidhm aige trédhearcacht a fheabhsú, tá sé de chúram ar an Rialálaí anailís a fhoilsiú ar fhaisnéis faoi shonraí praghais agus margaidh a bhaineann leis an slabhra soláthair agraibhia. Féadfaidh an Rialálaí treoirlínte a fhoilsiú freisin do cheannaitheoirí tar éis comhairliúcháin chun leasanna soláthróirí a chosaint.

| Gníomhartha                                                                                                                             | Aschuir agus Príomhtháscairí Feidhmíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Bealaí éifeachtacha rannpháirteachais le páirtithe leasmhara agus nósanna imeachta gaolmhara a fhorbairt                                | Bealaí láidre rannpháirteachais le páirtithe leasmhara i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a chinntiú: <div><div></div>an Rialálaí a chur ar an eolas faoi riachtanais na hearnála agraibhia agus go háirithe feirmeoirí, iascairí agus gnólachtaí beaga bia</div> <div><div></div>sonraí agus faisnéis a fháil ó ghnólachtaí agus ó pháirtithe leasmhara eile de réir mar is gá chun trédhearcacht a fheabhsú</div> <div><div></div>dul i gcomhairle de réir mar is iomchuí maidir le foilsiú treoirlínte agus / nó trácht a dhéanamh ar chóid chleachtais a cuireadh isteach ag ceannaitheoir/ceannaitheoirí i ndáil le leasanna soláthróirí a chosaint</div> |
| Anailís ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le sonraí praghais agus margaidh                                                      | <div><div></div>Tuarascálacha a foilsíodh a chuireann luach leis an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí</div>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
| Faisnéis faoi phraghsanna agus sonraí margaidh a lorg ó ghnólachtaí feadh an tslabhra soláthair agraibhia nach bhfuil ar fáil go poiblí | <div><div></div>Anailís ar shonraí agus ar fhaisnéis curtha ar fáil ag gnólachtaí atá foilsithe i bhfoirm chomhiomlán le léargais bunaithe ar fhianaise</div>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| Breithniú gníomhach ag an Rialálaí ar chásanna ina mbeadh treoirlínte do cheannaitheoirí oiriúnach                                      | <div><div></div>Treoirlínte do cheannaitheoirí foilsithe</div>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |



Príomhchuspóir 3

Cumarsáid agus rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn

Tá an Rialálaí tiomanta do bheith ag tacú le comhlíonadh an dlí maidir le trádáil éagórach agus oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara feadh an tslabhra soláthair agraibhia chun trédhearcacht a mhéadú. Tá cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach ríthábhachtach chun caidrimh a chothú agus acmhainneacht ról an Rialálaithe a threisiú.

| Gníomhartha                                                             | Aschuir agus Príomhtháscairí Feidhmíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                               |
|-------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Feasacht agus tuiscint ghinearálta ar ról an Rialálaithe a chothú       | <ul style="list-style-type: none"><li>Forbairt leanúnach ar shuíomh gréasáin an Rialálaithe agus ar chainéil na meán sóisialta</li><li>Feachtais mheán forbartha agus curtha i gcrích</li><li>Acmhainní faisnéise inrochtana a fhorbairt</li></ul>                                                                                      |
| Plean cuimsitheach rannpháirteachais le páirtithe leasmhara a fhorbairt | <ul style="list-style-type: none"><li>Plean rannpháirteachais páirtithe leasmhara comhaontaithe agus i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoi obair leanúnach an Rialálaithe</li><li>Feachtas sonrach meán maidir le hoibleagáidí ‘ceannaitheoirí tuairiscithe comhlíontachta’ faoi Rialacháin 2023 maidir le Trádáil Éagórach</li></ul> |
| Teagmháil ghníomhach le lucht déanta beartas trí struchtúir chuí        | <ul style="list-style-type: none"><li>Faisnéis thráthúil a sholáthar chun cur le forbairtí beartais, nuálaíocht agus feabhsuithe reachtacha i réimse na cothroime agus na trédhearcachta sa slabhra soláthair agraibhia</li><li>Comhlíontacht na gceanglas rialachais</li></ul>                                                         |

Príomhchuspóir 4

Acmhainn eagraíochtúil a thógáil leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar

Déanfaidh an Rialálaí a dhícheall fórsa saothair éifeachtach a thógáil a bhíonn ag plé go gníomhach le deiseanna forbartha agus le timpeallacht áit oibre atá sofhreagrúil agus nuálach agus oiriúnach d’eagraíocht a bhfuil sainchúram reachtaíochta crua aici.

| Gníomhartha                                                                                                         | Aschuir agus Príomhtháscairí Feidhmíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| An struchtúr riaracháin a chruthú chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht agus córais chuí i bhfeidhm                | <ul style="list-style-type: none"><li>Beartais agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm</li><li>Clár comhlíontachta bunaithe de réir oibleagáidí reachtúla</li><li>Luach ar airgead bainte amach</li><li>Athbhreithnithe rialta déanta ar dhul chun cinn agus príomhchuspóirí á mbaint amach</li><li>Comhlíontacht an Chóid Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit</li></ul> |
| Úsáid éifeachtach acmhainní daonna agus sásraí bainistíochta feidhmíochta                                           | <ul style="list-style-type: none"><li>Tá soiléireacht ag an bhfoireann maidir lena ról agus a bhfreagrachtaí</li></ul>                                                                                                                                                                                                                                                               |
| Rannpháirtíocht réamhghníomhach agus tacaíthe ag an bhfoireann agus ag an mBord le deiseanna oiliúna agus forbartha | <ul style="list-style-type: none"><li>Deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus leas bainte astu</li><li>Saineolas atá foghlamtha le himeacht ama chun acmhainn a fhorbairt</li></ul>                                                                                                                                                                                              |
| Saineolas seachtrach a úsáid nuair is cuí chun acmhainn a thógáil                                                   | <ul style="list-style-type: none"><li>Saineolaithe a fháil ar iasacht nó a earcú/nó soláthar de réir mar is cuí</li></ul>                                                                                                                                                                                                                                                            |
| Úsáid agus forbairt éifeachtach an bhonneagair TF de réir mar a fhorbraíonn an eagraíocht agus na riachtanais aici  | <ul style="list-style-type: none"><li>Bonneagar TF cuí i bhfeidhm chun tabhairt faoi fheidhmeanna an Rialálaithe</li></ul>                                                                                                                                                                                                                                                           |



# Aguisín

Cheap an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara na comhaltaí Boird seo a leanas chuig An Rialálaí Agraibhia an 13 Nollaig 2023 tar éis próiseas iomaíoch a rinne Boird Stáit faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

| Ainm                      | Téarma an cheapacháin |
|---------------------------|-----------------------|
| Joe Healy (Cathaoirleach) | 5 Bliana              |
| Paul Brophy               | 4 Bliana              |
| Karen Brosnan             | 5 Bliana              |
| John Comer                | 5 Bliana              |
| Margaret Dineen           | 5 Bliana              |
| Elaine Donohue            | 4 Bliana              |
| Grace McCullen            | 4 Bliana              |
| Angus Woods               | 4 Bliana              |